

Gla le bheith páirteach i "MAKE A MOVE"-

Gorlann ealaíne don amharclannaíocht neamhspleách agus neamhinstitiúide

Tá an gorlann dírithe ar **lucht amharclannaíochta neamhspleáiche, ealaíontóirí aonair nó ealaíontóirí i gcomhar (compántais)**, atá i mbun cleachtais amharclannaíochta comhaimseartha gluaiseacht-bhunaithe (amharclannaíocht chorpártha, mímeáil, amharclannaíocht ar ala na huairé agus bealaí eile a bhfuil baint láidir acu leis an gcorp agus gluaiseacht). Táimid ag baint leasa an na téarmaí amharclannaíocht "neamhinstitiúide" nó "neamhspleách" chun tagairt do chleachtais a tharlaíonn lasmuigh d'institiúidí bunaithe nó amharclanna stóir. Tuigimid, áfach, nach féidir an réimse seo amharclannaíochta a thuiscint i gceart ná a ainmniú go cruinn ach i gcomhthéacs gach tír nó réigiún aonair san Eoraip.

Féachfar leis an tionscadal '**Make a Move**' amharclannaíocht san Eoraip a athbheochan trí phoitéinseal cruthaitheach agus nuálach na gcleachtais amharclannaíochta neamhspleách a thapú - amharclannaíocht chorpártha, mímeáil chorpártha agus amharclannaíocht ar ala na huairé.

An straitéis atá i gceist chun sin a dhéanamh ná timpeallacht gorlainne nuálach a fhorbairt agus a thástáil ina mbeidh deis ag lucht amharclannaíochta neamhinstitiúide agus neamhspleách a gcuid scileanna ealaíne agus gairmiúla a fhorbairt agus cur lena gcuid tograí léiriúcháin ó chéim na smaointeoireachta cruthaithe go céimeanna éagsúla léiriúcháin agus bolscaireachta. Aithneofar faoin tionscadal 5 dheis comhoibriúcháin ar a laghad agus tionscnófar iarratais chuig foinsí maoinithe.

Critéir Incháilitheachta

- Lucht amharclannaíochta atá i lár a ngairmréime a bhfuil taithí 10 mbliana acu ar laghad ar obair ghairmiúil - bíodh sin ealaíontóirí, ealaíontóirí i gcomhar nó compántais.
- Ealaíontóirí i réimse na hamharclannaíochta gluaiseacht-bhunaithe agus/nó cleachtais ealaíonta bunaithe ar an gcorp agus gluaiseacht.
- Ealaíontóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu san Eoraip a oibríonn ina saor-ealaíontóirí agus/nó ealaíontóirí i gcomhar (compántais), atá bunaithe/cláraithe san Eoraip.
- Tá sé riachtanach go mbeadh ealaíontóirí i gcomhar (compántais) incháilithe maoiniú a fháil sa tír ina bhfuil cónaí orthu
- Scileanna maithe Béarla idir labhartha agus scríofa

Critéir Fhoriomlána

- Suim smaointe do thionscadail a fhorbairt i bhfoirm comhoibriú trasnáisiúnta agus cruthú i gcomhar
- Suim cur leis an acmhainn atá ann i réimsí gnó cultúir agus forbairt lucht féachana
- Tiomantas líonrú a dhéanamh agus tionscadail idirnáisiúnta i gcomhar a fhorbairt tuilleadh
- Tiomantas ceisteanna ealaíne/smaointe cruthaitheacha/coinceapa tionscadail a thabhairt chun cinn agus iad a fhorbairt níos faide laistigh den ghorlann
- Suim obair a roinnt agus a thaispeáint i gcomhthéacs Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 (Rijeka agus Gaillimh)

Deiseanna

- A bheith ag obair i gcomhthéacs idirnáisiúnta
- Scileanna gairmiúla a fheabhsú
- Piarfhoghlaim, oideachas agus oiliúint
- Deiseanna gairme a fhorbairt le go bhféadfaí oibriú go hidirnáisiúnta
- Teach ar mhargaí nua, deiseanna líonraithe a chruthú, comhpháirtíochtaí agus teagmhálacha nua a bhunú
- Lucht spéise nua agus níos leithne a aimsiú

Clár agus Féilire

Beidh trí Shaotharlann ar siúl i dtrí chathair mar chuid den Ghorlann agus téama ar leith ag baint leo.

- (1) *“Digital Practices”* i nGaillimh, Éire (25/04/2019 – 04/05/2019)
- (2) *“Site-specific theatre and audience outreach”* i Rijeka, An Chróit (10/09/2019 – 19/09/2019)
- (3) *“Inside Out - Positioning non-institutionalised theatre practices in a critical journalistic and business context”* in Targu-Mures, An Rómáin (09/12/2019 – 18/12/2019)

Téarmaí agus Coinníollacha

- Íocfar **3.600,00 Euro** le healaíontóirí nó ealaíontóirí i gcomhar le bheith páirteach i ngach ceann de na trí Shaotharlann.
- **Íocfar na costais ar fad** lena n-áirítear costais taistil, lóistín agus cothabhála, (nó per diem).
- Sa chás go ndéanfadh ealaíontóir aonair iarratas, **ní mór dóibh freastal ar gach ceann de thrí Shaotharlann** na gorlainne le linn na bliana 2019, i nGaillimh (Éire), Rijeka (An Chróit) agus Targu-Mures (An Rómáin).
- Sa chás go ndéanfadh ealaíontóirí i gcomhar nó compántas iarratas, beidh de rogha acu **aon ealaíontóir amháin a chur chuig gach Saotharlann** (2-3 ealaíontóir ar fad don Ghorlann iomlán).
- Beidh deis ag ealaíontóir dul i mbun **obair i gcomhar agus comhchruthaithe** le naoi (9) n-ealaíontóir cónaitheach eile agus le roinnt ealaíontóirí réigiúnacha nó áitiúla eile.
- Le bailchríoch a chur leis an ngníomhaíocht cruthaithe i gcomhar ag gach Saotharlann beidh **taispeántí den obair atá idir lámha**. Is imeachtaí poiblí a bheidh iontu seo a reáchtálfar in áiteanna éagsúla i ngach cathair Górlann Ealaíne ina rachaidh ealaíontóirí a bheidh páirteach i 'Make a Move' i mbun taibhithe agus i mbun idirghníomhaithe le lucht spéise áitiúil chun aiseolas a fháil ar an obair a bheidh na healaíontóirí a fhorbairt in éineacht leis na Saotharlanna.
- Scríobhfaidh rannpháirtithe sa Ghorlann Ealaíne **blag** faoina dtaithí agus beidh blaganna na n-ealaíontóirí le fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail. Beidh na blaganna mar chuid de phróiseas machnamhach a chuirfidh ar chumas ealaíontóirí seachtracha agus bainisteoirí cultúir éabhlóid chleachtais na n-ealaíontóirí a thuiscint tríd na Saotharlanna agus na saotharlanna cruthú i gcomhar, agus beidh grianghraif, físeáin srl i gceist.
- Tacófar le rannpháirtithe sa nGorlann Ealaíne chun smaointe tionscadail nua a aithint agus a fhorbairt.

An Próiseas Iarratais

Déan iarratais tríd an **fhoirm iarratais ar líne** a líonadh amach. Áirítear ansin do chuid mionsonraí pearsanta, beathaisnéis ghearr, litir spreagtha, CV(anna), teistiméireacht(aí) agus naisc chuig samplaí de do chuid oibre.

Cinntigh le do thoil go bhfuil tú ag líonadh na foirme iarratais cirte ó tharla go bhfuil dhá rogha ann: ceann do dhuine aonair san amharclannaíocht agus ceann do lucht amharclannaíochta i gcomhar (compántas). 5pm (GMT) an 30 Nollaig 2018 ag 5pm (GMT) **an spriocdháta** d'iarratais.

An Próiseas Roghnúcháin

Glacfar cinneadh eatramhach bunaithe ar **cháilíocht ealaíne, agus b'fhéidir agallamh via Skype san áireamh**.

Cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas faoi na **torthaí deiridh** faoi mhí Feabhra 2019, **lena n-áirítear an liosta feithimh**.

Rachaidh an tionscadal i **mbun conartha** i mí Feabhra 2019 leis na hEalaíontóirí/Ealaíontóirí i gcomhar.

Chun iarratas a dhéanamh lean an nasc seo.

Chun tuilleadh eolais a fháil seol ríomhphost chugainn ag info@krila.org (Ábhar: Fiosrú faoi Ghlaio MAM)

Eolas faoi MAKE A MOVE
Gorlann ealaíne don amharclannaíocht neamhspleách nó d'amharclannaíocht neamhinstitiúide
/ MaM

An sprioc atá le **Make a Move** timpeallacht nuálach goraithe a fhorbairt agus a phíolótú ina mbeidh deis ag oibreoirí beaga neamhspleácha cultúir atá ag obair i réimse na hamharclannaíochta comhaimseartha gluaiseacht-bhunaithe a gcuid scileanna ealaíne agus gairmiúla a fhorbairt agus a gcuid tograí léiriúcháin a fhorbairt ó chéim na smaointeoireachta cruthaithí go céim léiriúcháin iomlán amharclannaíochta.

Bainfear sin amach faoin tionscadal trí shaotharlann comhchruthaithe inmharthana a chruthú i réimse na hamharclannaíochta comhaimseartha ag tosú le curaclam riachtanas-bhunaithe a fhorbairt, trí sheisiún saotharlainne cruthú i gcomhar a reáchtáil, sprioclóin léiriúcháin amharclannaíochta a léiriú le taispeáint ag ócáid Phríomhchathair Chultúir na hEorpa i Rijeka (An Chróit) agus i nGaillimh (Éire).

Ceannaire an Tionscadail: Creative Laboratory of Contemporary Theatre KRILA, Rijeka (An Chróit)

Páirtneirí: Institute of the Arts Barcelona (ES), Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe (Éire), University of Arts Targu-Mures (An Rómáin)

Comhpháirtithe ACTS (Osló), MOVEO (Barcelona), Platform 88 (Montpellier), PoulpeElectrique (Páras), ToTumTeaTre (Barcelona), Workinglifebalance (Graz)



Is ó phíosa graifítí a chonaiceamar ar bhalla ar shiúlóid cathrach le linn an tríú ceardlann i Rijeka i mí Dheireadh Fómhair 2017 a tháinig teideal an tionscadail 'Make a Move'. Shíleamar gur thug an píosa graifítí léiriú cruinn ceart ar ar bhain leis an smaoineamh don tionscadal. Grúpa d'ealaíontóirí amharclannaíochta gluaiseacht-bhunaithe a shocraíonn tionchar a imirt ar chumas na hearnála amharclannaíochta neamhspleáiche agus neamhinstitiúide athrú agus an amharclann a thabhairt níos gaire don sochaí comhaimseartha (grianghraf le Nicole Pschetz).

Beidh cur i ngníomh píolótach na Górlainne Ealaíne ar siúl i dtrí sheisiún as a chéile i nGaillimh (Éire), Rijeka (An Chróit) agus Targu-Mures (An Rómáin) le linn na bliana 2019. 10 lá a mhairfidh gach seisiún/Saotharlanna den Ghorlann Ealaíne. 10 ealaíontóir lánaimseartha an líon rannpháirtithe a mheastar a roghnófar faoin nglao poiblí. D'fhéadfadh gur lucht amharclannaíochta neamhspleáiche aonair na rannpháirtithe nó gur baill de ghrúpa ealaíontóirí i gcomhar (compántas) a roghnófar le bheith páirteach. Roghnófar 10 rannpháirtí eile do gach seisiún ón bpobal amharclannaíochta neamhspleáiche agus neamhinstitiúide áitiúil/réigiúnach leith bheith ina rannpháirtithe iniúchóireachta.

Tá sé i gceist saotharlann cruthú i gcomhar a bheith i gceist ag gach Saotharlann chun cur ar chumas ealaíontóirí scileanna nua-shealbhaithe a chur i bhfeidhm agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as idirghníomhú agus líonrú le píaraí, meantóirí, lucht spéise idirnáisiúnta agus ionadaithe ón dá Phríomhchathair Chultúir na hEorpa.

Beidh ábhar ar leith ag baint le gach Saotharlann a bheidh ceangailte leis an gcuraclam, le háit agus clár an dá Phríomhchathair Chultúir na hEorpa a thabharfaidh léiriú ar ghné thábhachtach de chlár agus de shainiúlacht na hamharclannaíochta neamhspleáiche agus neamhinstitiúide.

Gorlann Ealaíne Make a Move na Gaillimhe– Cleachtais Dhigiteacha Díreofar sa chéad seisiún den Ghorlann Ealaíne ar chleachtais dhigiteacha, ó thaobh gnó agus na healaíne. Faoi ghné ealaíne an churaclaim i nGaillimh cuirfear rannpháirtithe in aithne d'ealaíontóirí a chruthaíonn saothair le teicneolaíochtaí digiteacha - idirghníomhaíochtaí braiteoir-bhunaithe, eispéiris réaltacht-bhunaithe agus eispéireas réaltachta fíorúla mar shampla. Trí cheardlanna praiticiúla leis na healaíontóirí beidh deis ag

cleachtóirí na teicneolaíochtaí seo a thriail le tuiscint a fháil ar mar a d'fhéadfaí iad a úsáid go healaíonta ina gcuid oibre féin. Tarraingeofar freisin le linn na gné seo den churaclam ar na naisc ealaíne a bhunaítear tríd an gclár *'Windows of the World'* de chuid Gaillimh 2020, clár oibre atá dírithe go sonrach i dtreo obair ealaíne a chruthú le teicneolaíochtaí digiteacha.

Díreoidh gné ghnó an churaclaim i nGaillimh ar aidhm Ghaillimh 2020 a bheith ar an gcéad 'Príomhchathair Fhíorúil Cultúir na hEorpa' agus mar chuid de beidh ceardlanna agus cainteanna ar siúl le healaíontóirí amharclainne atá lonnaithe i nGaillimh agus le saineolaithe ar na meáin dhigiteacha faoin bpróiseas a bhaineann le gné for-rochtana dhigiteach a bheith mar chuid dá saothar. Scrúdóidh rannpháirtithe cleachtais mar 'sruthú beo' a dhéanamh ar thaibhithe amharclainne mar shampla agus ardáin tras-meán a chruthú a thacóidh le léiriúcháin bheo a chruthú agus a scaipeadh. Tá sé i gceist freisin go bhfoghlaimedh rannpháirtithe le linn an tionscadail *'Make a Move'* na huirlisí agus na cleachtais a chuirfidh ar a gcumas gné dhigiteach a thabhairt isteach i ndearadh agus i scaipeadh a gcuid saothair agus a chuirfidh le gníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe an tionscadail fhoriomláin.

Le linn sheisiún na Gaillimhe, cuirfidh ealaíontóirí rannpháirteacha tús le próiseas ina ndéanfar smaointe a aithint do thionscadail i gcomhar i ndiaidh an tionscadail *'Make a Move'*. Tabharfar faoi aithint, ceapadh agus caomhnú smaointe i gcomhthéacs sraith de thrí cheardlann - a bheidh ar siúl ag gach seisiún Gorlann Ealaíne le linn na bliana 2019 - maidir le tionscadal a fhorbairt agus airgead a thiomsú do thionscadal. Foghlaimedh rannpháirtithe, le linn na sraithe, faoi bheartais maoinithe cultúir i dtíortha AE, faoi na dúshláin a bhíonn le sárú ag cleachtóirí neamhspleácha agus neamhinstiúide amharclannaíochta i bhfianaise na mbeartas seo agus faoi bhealaí a aithint chun na dúshláin sin a láimhseáil. Is saineolaithe aitheanta sa réimse a bheidh i mbun na gceardlann.

Gorlann Ealaíne 'Make a Move' Rijeka - Amharclannaíocht Suíomhoiriúnaithe agus teagmháil leis an lucht spéise Díreofar sa dara seisiún den Ghorlann Ealaíne ar amharclannaíocht suíomhoiriúnaithe agus ar chleachtais fhorásacha le ceangal a dhéanamh le lucht spéise san amharclannaíocht, go háirithe nithe mar spás poiblí agus áiteanna uirbeacha a úsáid mar áiteanna a d'fhéadfaí a fhiosrú, oibriú iontu agus idirghníomhú leis an lucht féachana. Laistigh de ghnéithe ealaíonta an churaclaim i Rijeka, fiosrófar áiteanna poiblí mar áiteanna amharclannaíochta suíomhoiriúnaithe, áiteanna d'idirghábhalacha ealaíonta, do shuiteálacha, do shaothair ealaíne pobail agus do chineálacha eile cleachtas taibh-ealaíon agus amharclannaíochta comhaimseartha. I gcomhar le saineolaí ar stair Rijeka a bheidh i mbun cuairt staidéir ar roinnt áiteanna i Rijeka agus i gcomhar le saineolaithe cultúir ar lucht spéise a fhorbairt, forbróidh ealaíontóirí a gcuid tionscadal agus áiteanna sonracha i Rijeka mar bhunús acu. Áiteanna iad seo a bhfuil tábhacht mhór leo don phobal de bharr an am a caitheadh, am i láthair agus/nó a mbeidh tábhacht leo amach anseo. Tá ceangal ag an ábhar seo maidir le háiteanna poiblí le clár Rijeka 2020 ina spreagtar cleachtais fhorásacha a fhorbairt chun ceangal a dhéanamh le lucht spéise tríd fíis *"ina mbíonn áiteanna uirbeacha ina spásanna ina gceaptar tionscadail ealaíne i gcomhar leis an bpobal áitiúil"*. Le linn sheisiún Rijeka, leanfaidh ealaíontóirí a bheidh páirteach den phróiseas a bhaineann le smaoinemh nua a aithint, a cheapadh agus a fhorbairt a tionscnaíodh sa chéad cheardlann tiomsaithe ag seisiún Gorlann Ealaíne na Gaillimhe.

Gorlann Ealaíne 'Make a Move' Targu Mures: *InsideOut - Positioning non-institutionalised theatre practices in a critical journalistic and business context.* Tá tríú seisiún na Gorlainne Ealaíne dírithe ar na hábhair a bhaineann le scileanna cumarsáide, gnó agus tiomsaithe airgid. Is minic go mbíonn sé deacair ag ealaíontóirí labhairt faoina gcuid saothar, agus uaireanta, d'fhéadfadh go leor athrá a bheith in úsáid acu nuair a bhíonn siad ag déanamh agallamh agus cur i láthair maidir lena bhfuil bainte amach acu. Nuair a ghlactar sin san áireamh, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag ealaíontóirí amharclainne agus ag ealaíontóirí i gcomhar (compántas) a gcuid saothar a chur chun cinn, maoiniú a fháil agus an léiriúchán a chur chun cinn ar bhealach a mheallfaidh lucht spéise. Dá bhrí sin, tá an seisiún Górlainne Ealaíne seo dírithe ar chur chuige ilpeirspictíoch a chur i láthair i ndáil le bheith ábalta labhairt faoin táirge ealaíne, ina mbreithneofar bealaí chun domhan na healaíne a chur i bhfocail, ag úsáid uirlisí as na réimsí a bhaineann le léirmheastóireacht, iriseoireacht agus/nó aeistéitic amharclannaíochta. Ag an tráth céanna, breithneofar an dearcadh atá ag go

leor lucht spéise éagsúla maidir leis an 'seanchas' a bhaineann le táirge agus déanfar é sin a mheas i dtéarmaí gnó agus bainistíochta, chomh maith le leideanna agus cleasa a fháil ó lucht gairmiúil bainistíochta cultúir. Tabharfaidh seisiún na Gorlainne Ealaíne i Targu-Mures ina dhiaidh sin an próiseas chun an chéad sraith de tograí i gcomhar atá mar thoradh ar thionscadail rannpháirtithe na Gorlainne Ealaíne chun críche. Is é an sprioc atá ann 5 thionscadal i gcomhar ar a laghad a fhorbairt, go mbeidh siad ag an gcéim go bhfuil smaoineamh soiléir ann do thionscadal chomh maith leis an bplean gnó chun smaoineamh an tionscadail a chur i ngníomh, lena n-áirítear na deiseanna maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ann.